



An Garda Síochána

**Cód Cleachtais maidir le
Feistí Taifeadta atá feistithe
le haerardáin a Oibriú**

**Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta)
2023**

Clár Ábhar

1	Léargas Ginearálta	4
1.1	Réamhrá	4
1.2	Aidhmeanna agus Cuspóirí	4
1.3	Comhthéacs Dlíthiúil (Raon Feidhme agus Cur i bhFeidhm)	4
1.4	Téarmaí agus Sainmhínithe Ábhartha	5
1.5	Prionsabail Threoracha	7
1.6	Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána.....	8
2	Aerardáin	9
2.1	Achoimre.....	9
2.2	Róil agus Freagrachtaí	9
2.3	Faisnéis a ghabháil	9
2.4	Meas ar Chearta an Duine	10
2.5	Fianaise Dhigiteach Stóráil & Bainistíocht.....	10
2.6	Gabháil Sonraí in Áiteanna Poiblí agus Neamhphoiblí.....	10
2.6.1	Suíomhanna Íogair	10
2.6.2	Agóidí i gcoinne Taifeadadh.....	10
2.6.3	Cur Isteach Comhthaobhach.....	11
2.6.4	Gabháil Roghnaitheach	11

2.7	Ord Taifeadta.....	11
2.7.1	Roimh Theagmhas	11
2.7.2	Le linn Teagmhais	12
2.7.3	Stop a Chur le Taifeadadh	12
2.7.4	Iar-Theagmhas	13
2.8	Rúndacht Sonraí, Slándáil, Rochtain & Breathnú	13
2.9	Úsáid agus Próiseáil Sonraí	13
2.9.1	Aisghabháil Sonraí	13
2.10	Úsáid Fhianaiseach.....	14
2.10.1	Foilsíú scannánaíochta Aerardán.....	14
2.11	Coinneáil agus Diúscairt Sonraí.....	14
2.12	Caighdeán Ghairmiúla.....	15
2.13	Oiliúint Úsáideoirí.....	15
3	Ceartha an Ábhair Sonraí	15
3.1	Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí.....	15
4	Rialachas & Comhlíonadh	15
4.1	Caighdeán Eiticiúla & Gealltanais.....	15
4.2	Údarás Formheasa.....	16
4.3	Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	16

1 Léargas Ginearálta

1.1 Réamhrá

Tá an Cód Cleachtais seo i gcomhréir le Cuid 2 d'Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023 (dá ngairtear 'an tAcht' freisin) agus ní bhaineann sé ach le hoibriú feistí taifeadta a úsáideann an Garda Síochána i gcomhar le haerardáin.

Is féidir le hoibriú iomchuí feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin, agus leis na sonraí a ghabhann siad, cuidiú le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus/nó a ionchúiseamh; ord poiblí agus sábháilteacht an phobail a áirithiú, lena n-áirítear sábháilteacht phearsanra an Gharda Síochána; nó coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí ar an tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc. Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo beartas an Gharda Síochána maidir le feiste taifeadta den sórt sin a oibriú.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo nach mór feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin a oibriú go cothrom, go freagrach, le meas ar chearta daoine eile, gan idirdhealú neamhdhleathach, agus de réir mar is gá chun críche príomha i gcomhréir leis an Acht agus leis an gCód Cleachtais seo, agus an cur isteach ar chearta daoine eile á íoslaghdú a oiread agus is féidir.

Is é an bunphrionsabal atá mar bhonn faoin gCód Cleachtais seo ná nach mór d'aon ghníomh a dhéantar prionsabail bhunúsacha na dlíthiúlachta, an riachtanais, na comhréireachta agus na cuntasachta a chomhlíonadh agus go gcuirtear i bhfeidhm é ar bhealach neamh-idirdhealaitheach de réir phrionsabail Bhunreacht na hÉireann 1937, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

1.2 Aidhmeanna agus Cuspóirí

Is é is aidhm an Chóid Chleachtais tuilleadh sonraí a chur ar fáil maidir le hoibriú ginearálta feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin mar atá leagtha amach san Acht do phearsanra an Gharda Síochána.

Is é cuspóir an Chóid Chleachtais seo a chinntiú go n-úsáidtear feistí taifeadta i gcomhar le haerardáin mar uirlis chun cearta an phobail agus baill den Garda Síochána a chosaint, chun fianaise a bhailiú a chuidíonn le coireacht a chosc agus a fhiosrú go héifeachtach, chun sábháilteacht an phobail a chinntiú, agus/nó chun slándáil an Stáit a chosaint.

1.3 Comhthéacs Dlíthiúil (Raon Feidhme agus Cur i bhFeidhm)

Déantar foráil i gCuid 2 den Acht maidir leis an mbunús dlí chun feiste taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin a oibriú. Ullmhaítear an Cód Cleachtais seo de réir Chuid 8 den Acht. Baineann an Cód Cleachtais seo le pearsanra uile an Gharda Síochána agus soláthraíonn sé sonraí maidir le hoibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin.

Áirítear sa Chód Cleachtais forálacha a bhaineann le próiseáil sonraí, a bhailítear mar thoradh ar oibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin, i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Féadfaidh taifeadtaí ó feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin a bheith inghlactha i bhfianaise in imeachtaí coiriúla, sibhialta agus araíonachta.

Baineann an Cód Cleachtais seo le húsáid feistí taifeadta laistigh den sainmhíniú ar Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023 amháin.

Baineann tagairt ar bith d'úsáid aerardáin, leis an úsáid sin a bhaintear as feiste

taifeadta agus ní bhaineann sí le haon úsáid eile a bhaintear as ardán den sórt sin. Ní bhaineann an Cód Cleachtais seo le feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin a cheadaítear faoi aon údarás reachtúil eile.

1.4 Téarmaí agus Sainmhínithe Ábhartha

Déantar téarmaí agus giorrúcháin theicniúla a úsáidtear ar fud an doiciméid seo a shainmhíniú san alt seo chun comhthuiscint a sholáthar trí mhionsonraí breise i ndáil le hoibriú Chuid 2 den Acht agus an Chód Chleachtais seo.

An Téarma	Sainmhíniú
Aerardán	Ciallaíonn sé aon fheithicil atá in ann eitilt le foireann nó gan foireann.
An Cód Cleachtais	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, ciallaíonn sé Cód Cleachtais arna cheadú ag an Aire le hordú faoi Chuid 8 agus folaíonn sé cuid de Chód Cleachtais.
Rialaitheoir Sonraí	Maidir le hoibriú Chuid 2 den Acht agus an Cód Cleachtais seo, is é an Rialaitheoir Sonraí aon duine a chinneann na críocha a ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chucu agus conas a dhéantar iad. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána an rialaitheoir sonraí le haghaidh aon sonraí pearsanta, a ghabhtar ar fheiste taifeadta a oibríonn pearsanra an Gharda Síochána a úsáidtear i gcomhar le haerardán.
Córas Bainistíochta Fianaise Digiteach	Is réiteach bunaithe ar bhogearraí é seo a chuireann ar chumas eagraíochta a bhfianaise dhigiteach uile a dhaingniú, a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú ar feadh a saolré; agus iniúchadh agus rialuithe iomchuí a chur ar fáil chun a áirithiú go bpléifear le sonraí i gcomhréir le beartais chomhaontaithe.
Doiciméad	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, ciallaíonn sé aon cheann díobh seo a leanas: a) leabhar, taifead nó ábhar scríofa nó clóite eile, b) grianghraf, c) aon fhaisnéis a stóráiltear, a chothabháiltear nó a chaomhnaítear trí bhithín aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar í a stóráil, a chothabháil nó a chaomhnú i bhfoirm inléite, agus aon taifeadadh fuaime nó físe.
Beart	Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023.
Príomhchuspóirí	Déantar foráil san Acht (alt 9(2)) maidir leis na príomhchuspóirí chun aerardáin a oibriú.

Pearsanra an Gharda Síochána	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, is ionann comhalta de phearsanra an Gharda Síochána agus: • comhalta den Gharda Síochána, nó • comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána a ceapadh faoi Acht an Gharda Síochána 2005 nó faoin Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024, nó a ainmníodh le hordú faoin Acht sin.
Feiste Stórála Meán	I ndáil le hoibriú Chuid 2 den Acht agus an Chóid Cleachtais seo, tagraíonn Feiste Stórála Meán d'aon ghaireas ar a stóráiltear nó ar féidir meáin a stóráil nó a iompar. Tabhair faoi deara: tá sé sin éagsúil le 'Meáin inbhainte' sa chiall go bhféadfadh 'feiste stórála meán' mar a shainmhínítear sa téarma seo a bheith inbhainte nó dobhainte.
Ball den Gharda Síochána	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, is ionann Ball den Gharda Síochána agus comhalta de réir bhrí alt 2(1) den Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024.
Aire	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, is ionann Aire agus an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.
Bunchóip Máistir Cartlainne (nó Máistir)	Maidir le hoibriú Chuid 2 den Acht agus an Chóid Chleachtais seo, is taifeadadh bunaidh é seo, nó íomhá dhigiteach ónar féidir cóipeanna a dhéanamh (cóipeanna oibre).
Bunchóip Oibre	Maidir le hoibriú Chuid 2 den Acht agus an Chóid Chleachtais seo, is taifeadadh closamhairc é seo a thagann ón Máistir Cartlainne Bunaidh chun eagarthóireacht nó ullmhúchán a dhéanamh d'imscrúdú agus do chur i láthair sa chúirt. Is féidir an Cóip Oibre a athrú óna Mháistir Bunaidh, mar shampla formáid an chomhaid, treoshuíomh, méid, bearradh, atheagrú, gile a choigeartú, srl.
Sonraí Pearsanta	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, baineann sonraí pearsanta leis na nithe seo a leanas: • duine aonair beo céannaithe, nó • duine aonair beo is féidir a chéannú ó na sonraí, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas: - aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh nó aitheantóir ar líne, nó - toisc amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine aonair.
Áit Phoiblí	Mar a mhínítear in alt 2 den Acht, is ionann áit phoiblí agus áit a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi nó a gceadaítear dóibh rochtain a fháil uirthi, cibé acu de cheart nó le cead sainráite nó intuigthe agus cibé acu faoi réir muirir nó saor in aisce.

Feiste Taifeadta	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht: (a) is ionann feiste taifeadta agus feiste nó córas atá in ann taifead a chruthú in aon mheán ónar féidir íomhánna amhairc (lena n-áirítear íomhánna amhairc ghluaisteacha) nó fuaimeanna, nó an dá rud, a atáirgeadh ar aon mhodh, (b) cuimsíonn sé aon fheiste nó córas atá in ann an taifead a dhéantar faoi mhír (a) a phróiseáil, lena n-áireofaí— - na íomhánna amhairc a atáirgeadh bealach ar bith (lena n-áirítear íomhánna amhairc ghluaisteacha) nó na fuaimeanna a bhaineann leo, - ANPR a úsáid i leith an taifid, nó - doiciméad a tháirgeadh a bhaineann leis an taifead nó leis an bpróiseáil ghaolmhar. (c) cuimsíonn sé aon fheiste nó córas dá dtagraítear i mír (a) nó (b) atá i bhfeithicil nó i struchtúr nó atá ceangailte leis. is ionann "struchtúr" agus aon fhoirgneamh, tógáil, déanmhas nó ní eile arna fhoirgníú, arna thógáil nó arna dhéanamh ar aon talamh, in aon talamh nó faoi aon talamh, nó aon chuid de dhéanmhas arna mhíniú amhlaidh; is ionann "feithicil" agus aon mhodh ina ndéantar nó trína ndéantar aon duine nó rud, nó iad araon, a iompar nó a iompar atá deartha lena úsáid nó a fhéadfar a úsáid ar thalamh, in uisce nó san aer, nó ar níos mó ná ceann amháin de na bealaí sin, agus folaíonn sé aerfheithicil gan foireann.
Meáin Inbhainte	Maidir le hoibriú Chuid 2 den Acht agus an Chóid Chleachtais seo, feistí stórála sonraí de ghnáth (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, gnáthshamplaí amhail CD-ROM, DVD, Maide cuimhne, Cárta Cuimhne, nó tiomáint chrua iniompartha) is féidir a bhaint as córas ríomhaireachta gan an córas a mhúchadh chun críche sainráite comhaid dhigiteacha a chóipeáil agus a iompar (Taifid nó grianghraif).
Cleachtas Oibre	I ndáil le hoibriú Chuid 2 den Acht agus an Chóid Chleachtais seo, tagraíonn sé do chúraimí nó dualgais shonracha a chur i gcrích i ndáil le cur síos poist phearsanra an Gharda Síochána, mar shampla, teagmhas a iontráil nó a thabhairt cothrom le dáta in PULSE.

1.5 Prionsabail Threoracha

Ní mór feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin a oibriú go cothrom, go freagrach, le meas ar chearta daoine eile á n-urramú, gan idirdhealú neamhdhleathach agus de réir mar is gá chun críche póilíneachta dlisteanáí i

gcomhréir leis an Acht agus leis an gCód Cleachtais seo, agus an cur isteach ar chearta daoine eile á íoslaghdú a oiread agus is féidir. Forbraíodh na bunphrionsabail seo a leanas chun oibriú feistí taifeadta a úsáidtear a threorú i gcomhar le haerardáin:

- Sula n-oibrítear feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán, ní mór machnamh a dhéanamh i gcónaí ar chothromaíocht a aimsiú idir an tionchar féideartha ar dhaoine agus ar a bpríobháideachas a chothromú agus an dualgais atá ar an nGarda Síochána gach fianaise a bhfuil tionchar nó tionchar féideartha aici ar shaincheist na ciontachta nó na neamhchiontachta a lorg agus a chaomhnú.

Ní ceart neamhcháilithe é an ceart chun príobháideachta seo. Féadfar cearta bunreachtúla daoine eile srian a chur ar a fheidhmiú, áirítear leo sin ceart chun triail chóir a fháil, le ceanglas an leasa choitinn agus tá sé faoi réir cheanglais an oird phoiblí:

- Déanfaidh pearsanra an Gharda Síochána an méid seo a leanas: cuirfear oiliúint orthu maidir le hoibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán sula n-úsáidfear iad; feiste den sórt sin a oibriú de réir Lámhleabhar Oibríochtaí an Gharda Síochána; aird chuí a thabhairt ar rialáil; agus treoracha an mhonaróra a leanúint;
- Ní thagann oibriú aerardáin in ionad gnáthfhoirmeacha bailithe fianaise, (amhail fianaise fhisiciúil, ráitis scríofa agus agallaimh a thiomsú), tacaíonn sé leo agus feabhsaíonn sé iad. Ní mór do phearsanra an Gharda Síochána leanúint de chleachtais agus nósanna imeachta reatha a leanúint chun an fhianaise is fearr a bhaint amach;
- Gabhfar taifeadtaí agus íomhánna trí fheistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán chun críche príomha, de réir an Achta (alt 9) agus an Chóid Chleachtais seo. Féadfaidh taifeadtaí agus íomhánna den sórt sin a bheith inghlactha i bhfianaise in imeachtaí coiriúla, sibhialta agus araíonachta;
- Beidh gach taifeadadh agus íomhá a bhreathnaítear, a stóráiltear, a phróiseáiltear agus a roinntear ó aon fheiste taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin faoi réir na reachtaíochta is infheidhme maidir le cosaint sonraí;
- Beidh oibriú na bhfeistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán sonrach ó thaobh teagmhais de.
- Beidh an chinnteoireacht á treorú ag Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána, maidir le cathain is ceart feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán a oibriú. Seo a leanas na tosca atá le plé i dtaca leis an gcinnteoireacht:
 - go mbaintear úsáid as de réir fhorálacha an Achta agus an Chóid Chleachtais,
 - go mbaintear úsáid as chun tacú leis an dualgas gach fianaise a bhfuil tionchar aici, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aici, ar shaincheist na ciontachta nó na neamhchiontachta a lorg agus a chaomhnú.
 - an úsáid a íoslaghdaíonn cur isteach ar chearta daoine eile a mhéid is féidir.

1.6 Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána

Baineann Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána le gach cinneadh a dhéanann pearsanra an Gharda Síochána, lena n-áirítear teagmhais spontáineacha, oibríochtaí pleanáilte, dualgais laethúla agus pleanáil straitéiseach.

Cinntíonn Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána comhsheasmhacht na cinnteoireachta fiú sna cúinsí is dinimiciúla. Dá réir sin, úsáidfear Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach maidir le haerardán a oibriú.

Tá Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána ar fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie.

2 Aerardáin

2.1 Achoimre

De réir Chuid 2 den Acht, féadfaidh comhalta de phearsanra an Gharda Síochána, ag gníomhú i gcomhlíonadh a ndualgas, aerardán a oibriú, nó a chur faoi deara é a oibriú.

Beidh oibriú aerardáin riachtanach agus cóir maidir leis na príomhchuspóirí, a leagtar amach faoi alt 9(2), an Cód Cleachtais seo, agus nósanna imeachta gaolmhara.

2.2 Ról agus Freagrachtaí

Déanfar úsáid feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán agus a chórais ghaolmhara a rialú go docht. Cuirfear teorainneacha docht, do gach comhalta de phearsanra an Gharda Síochána bunaithe ar a n-úsáidí ceadaithe, ar úsáid feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán, ar aon rochtain ar fhianaise dhigiteach, agus ar phribhléidí córais. Ní bheidh gach ball in ann rochtain a fháil ach ar na feidhmiúlachtaí agus ar na rialuithe córais a shanntar dá ról agus dá phost. Beidh gach comhalta freagrach as an úsáid a bhaineann sé/sí as feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán agus nósanna imeachta fianaise digití, agus féadfar a iarraidh orthu a thabhairt ar a g(h)níomhartha a mhíniú i gcás athbhreithnithe. Cinnteoidh rialuithe rochtana nach féidir le comhalta rochtain a fháil ach ar an méid íosta sonraí atá riachtanach chun go mbeidh siad in ann a ndualgas a chomhlíonadh.

2.3 Faisnéis a ghabháil

Cuireann oibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin le cumas phearsanra an Gharda Síochána faisnéis a bhailiú agus a thaifeadadh. Soláthraíonn feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin an cumas idirghníomhaíochtaí agus breathnuithe a thaifeadadh ag láithreacha teagmhas féideartha. Is féidir le feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán tacú le taifid scríofa phearsanra an Gharda Síochána ar imeachtaí agus léargas amhairc agus fuaime a chur ar fáil, seachas a bheith ag brath go traidisiúnta ar leabhar nótaí chun príomhfhaisnéis a thaifeadadh agus faisnéis tosaigh á gabháil ag teagmhas.

2.4 Meas ar Chearta an Duine

Tá sé de fhreagracht ar phearsanra an Gharda Síochána a chinntiú nach bhfuil a n-oibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán ach chun críche príomha. Ní dhéanfar feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán a oibriú ach amháin de réir mar is gá agus is cóir maidir leis na críocha faoin Acht, agus an t-oibriú sin bheith i gcomhréir leis an gCód Cleachtais seo agus leis na nósanna imeachta gaolmhara. Beidh cinní ina leith sin á dtreorú ag Samhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána agus ag Creat an Gharda Síochána um Chearta an Duine.

Chun a bheith níos cinnte go n-urramófar agus go gcosnófar cearta an duine, rinneadh Measúnú Tionchair ar Chearta an Duine ar thionchar an Chóid Chleachtais ar chearta na ndaoine a mbeidh tionchar ag an gCód Cleachtais seo orthu, i gcomhréir le Cuid 8 den Acht.

2.5 Fianaise Dhigiteach Stóráil & Bainistíocht

Déanfar fianaise dhigiteach a ghintear trí úsáid a bhaint as feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin faoin gCód Cleachtais seo a láimhseáil, a stóráil agus a bhainistiú go slán agus i gcomhréir le beartas an Gharda Síochána agus le forálacha dlíthiúla ábhartha.

2.6 Gabháil Sonraí in Áiteanna Poiblí agus Neamhphoiblí

Tabharfar aird bhreise ar nádúr agus tréithe na háite ina n-úsáidfear feistí taifeadta i gcomhar le haerardán. Go háirithe, i gcás ina mbeifí ag súil le leibhéal níos airde príobháideachais nó go mbaileodh an taifeadadh sonraí a mheasfaí a bheith íogair. Ní mór cothromaíocht a aimsiú idir an úsáid le haghaidh príomhchuspóir agus an tuairim sin.

Ní mór aire a thabhairt freisin chun a chinntiú nach cur isteach neamhdhleathach ar an gceart chun agóid a dhéanamh ná ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh é úsáid feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán.

2.6.1 Suíomhanna Íogair

Is féidir le pearsanra an Gharda Síochána feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardáin a oibriú gan toiliú fad is atá siad ar áitreabh príobháideach go dleathach. Agus oibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán laistigh de shuíomh íogair chun críche príomha á phlé, tabharfaidh pearsanra an Gharda Síochána aird ar aon chur isteach ar dhaoine eile a d'fhéadfadh tarlú agus beidh sé mar aidhm acu cur isteach ar chearta daoine eile a íoslaghdú a mhéid is féidir. Is ionann áit íogair agus áit ina bhfuiltear ag súil le níos mó príobháideachta ná mar a bheifí ag súil léi in áit phoiblí. I measc na samplaí bheadh ospidéal, tithe cúraim, saoráidí meabhairshláinte *etc.*, aon suíomh eile a mbeadh cosaint bhreise ag teastáil ina leith bunaithe ar a shaintréithe aonair.

2.6.2 Agóidí i gcoinne Taifeadadh

Nuair a bhíonn duine den phobal ag déileáil le pearsanra de chuid an Gharda Síochána ar an eolas faoi úsáid feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán, féadfaidh sé/sí éilimh/iarrataí a dhéanamh ó phearsanra an Gharda Síochána chun gníomhartha áirithe a dhéanamh. Is faoi phearsanra an Gharda Síochána

atá sé cinneadh a dhéanamh feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán a úsáid sna cásanna sin agus ba cheart go mbeadh aon ghníomh a dhéantar riachtanach, cóir agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais seo agus leis an Acht.

2.6.3 Cur Isteach Comhthaobhach

Is ionann cur isteach comhthaobhach agus cur isteach ar phríobháideacht daoine aonair nach bhfuil baint acu leis an teagmhas sonrach ar a bhfuil pearsanra an Gharda Síochána dírithe. Sampla de sin is ea taifeadadh neamhbheartaithe daoine atá i láthair ag suíomh ina ndírítear ar fheistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán. Ba cheart do phearsanra an Gharda Síochána iarracht a dhéanamh i gcónaí cur isteach comhthaobhach a íoslaghdú agus cearta daoine eile a chosaint.

Sa chás go mbeadh físeán le roinnt le heagraíochtaí seachtracha, (tríú páirtithe), i gcomhréir leis an dlí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le folú chun sainaithint tríú páirtithe nach bhfuil baint acu leis a cheilt.

2.6.4 Gabháil Roghnaitheach

Bíonn gabháil roghnaitheach i gceist nuair a dhéanann pearsanra an Gharda Síochána rogha d'aon ghnó maidir le cathain ba chóir dóibh taifead a dhéanamh agus cathain nár chóir dóibh taifead a dhéanamh.

Sa chás go bhfuil cinneadh déanta ag pearsanra an Gharda Síochána feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán a oibriú, ba cheart dóibh teagmhálacha iomlána a thaifeadadh ó thús deireadh gan cur isteach ar an taifeadadh. Mar gheall ar chineál roinnt teagmhas, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach agus cóir do phearsanra an Gharda Síochána machnamh a dhéanamh ar an réasúnaíocht gan leanúint de bheith ag taifeadadh le linn na dteagmhas ar fad.

Ní mór do phearsanra an Gharda Síochána a bheith ar an eolas go bhféadfadh míniú a bheith ag teastáil chun taifeadadh a stopadh le linn aon teagmhais. I gcásanna ina gcuireann pearsanra de chuid an Gharda Síochána isteach ar thaifeadadh nó go gcuireann siad stop le taifeadadh le linn teagmhais atá ag dul ar aghaidh, ba cheart dóibh a gcinneadh a thaifeadadh i scríbhinn, agus na forais leis an gcinneadh sin a chur san áireamh, nuair a bheidh sé sábháilte é sin a dhéanamh.

Ní mór a chuimhneamh go bhféadfadh tionchar a bheith ag mainneachtain d'aon ghnó imeachtaí ábhartha a thaifeadadh ar aon ionchúiseamh ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh mainneachtain d'aon ghnó den sórt sin a bheith ina sárú ar an dlí.

2.7 Ord Taifeadta

Tugtar eolas faoin bpróiseas taifeadta sa roinn seo agus ba cheart é a léamh agus a leanúint go seicheamhach.

2.7.1 Roimh Theagmhas

Níl aon cheanglas dlíthiúil san Acht daoine a chur ar an eolas faoi oibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán, seachas áit chónaithe. I gcásanna ina mbíonn aerardán á oibriú in áit chónaithe, nó ina chúirtealáiste nó os a

chionn, cuirfidh pearsanra an Gharda Síochána na háititheoirí ar an eolas ag tús na hoibríochta agus déanfaidh siad taifead den fhógra sin, nuair a cheadaíonn na cúinsí infheidhme amhlaidh agus nuair is cuí.

2.7.2 Le linn Teagmhais

Ba cheart do chomhaltaí de phearsanra an Gharda Síochána a oibríonn feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán, agus an feiste sin á úsáid acu, faisnéis ábhartha a chur ar aghaidh chuig aon chomhalta eile de phearsanra an Gharda Síochána atá i láthair trí thacaíocht talún a thairiscint nó thar ceann an iarrthóra seirbhíse. Nuair is cuí, agus de rogha oibreoir na feiste taifeadta agus/nó an chomhalta cuí de phearsanra an Gharda Síochána a bhfuil faisnéis den sórt sin á cur ar aghaidh chucu, ba cheart machnamh a dhéanamh ar nótaí comhaimseartha agus nótaí cuimhne úra a thaifeadadh maidir le fianaise nó faisnéis atá i láthair toisc go bhféadfadh sé sin cabhrú le pearsanra an Gharda Síochána agus/nó le haon bhreathnóir ina dhiaidh sin chun taifeadadh a bhailiú/a bhreathnú níos déanaí.

Ba cheart an taifeadadh a theorannú, nuair is indéanta, do na daoine sin agus do na limistéir sin ina bhfuil gá fianaise ábhartha maidir le teagmhas a chur ar fáil. Ba cheart do phearsanra an Gharda Síochána machnamh a dhéanamh ar bhearta a dhéanamh chun cur isteach comhthaobhach a íoslaghdú d'aon duine atá i láthair nach bhfuil baint acu leis an teagmhas, go háirithe i gceantair ina mbítear ag súil le níos mó le príobháideachais nó ná mar is gnách maidir cearta ábhartha eile. Agus machnamh á dhéanamh ar oibriú feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán i gceantair den sórt sin, ní mór do chomhaltaí de phearsanra an Gharda Síochána aird a thabhairt ar an leibhéal méadaithe dlisteanaithe atá ag teastáil chun dínit daoine a urramú agus a chosaint agus i gcoinne íde atá mídhonna nó táireach.

2.7.3 Stop a Chur le Taifeadadh

Ós rud é gur faoi phearsanra aonair an Gharda Síochána atá sé tús a chur le taifeadadh, is fúthusan atá an cinneadh stop a chur le taifeadadh freisin. Dá réir sin, ba chóir do phearsanra an Gharda Síochána a bheith sásta, agus an cinneadh á dhéanamh stop a chur le taifeadadh, go n-íoslaghdaítear an riosca nach ngabhfar ábhar fianaiseach i gcoinne na gcásanna inar chóir feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán a ghníomhachtú. Ba chóir do phearsanra an Gharda Síochána, faoi ghnáthchúinsí, deireadh a chur le taifeadadh sna cásanna seo a leanas:

1. Ní príomhchuspóir é a thuilleadh taifead a dhéanamh;
2. Tá an teagmhas tugtha chun críche, nó tá pearsanra an Gharda tar éis an láthair a fhágáil;
3. Is tábhachtaí córas taifeadta difriúil;
4. Maidir le húsáid arm tine nuair a bheidh an oibríocht arm tine curtha i gcrích, ach amháin i gcás inar cuireadh nósanna imeachta bainistithe iarteagmhais chun feidhme maidir le húsáid fornirt;
5. Nuair is gá mar gheall ar theorainneacha na feiste. D'fhéadfaí a áireamh leis na teorainneacha sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, tosca seachtracha amhail dul in éag ceallraí, athrú/luchtú ceallraí, srianta aimsire agus eitiile.

D'fhéadfadh go mbeadh ar phearsanra an Gharda Síochána breac-chuntas a thabhairt ar an réasúnaíocht a bhaineann le stop a chur leis an taifeadadh. Dá bhrí sin, nuair is indéanta, ba cheart nóta den chineál céanna a thaifeadadh.

D'fhéadfadh imthosca eisceachtúla a bheith ann, lasmuigh díobh siúd atá leagtha amach ag 1-5 thuas, i gcás ina gcinneann ball de phearsanra an Gharda Síochána stop a chur le húsáid feiste taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán, go sealadach nó go buan, sula mbeidh rannpháirtíocht an Gharda Síochána i dteagmhas tugtha chun críche agus nuair is féidir oibriú go leanúnach ar shlí eile.

2.7.4 Iar-Theagmhas

Ba cheart do phearsanra an Gharda Síochána taifeadadh a uaslódáil ón bhfeiste taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán i gcomhréir le gnáthamh an Gharda Síochána.

2.8 Rúndacht Sonraí, Slándáil, Rochtain & Breathnú

Ní bheidh rochtain ach ag baill cheadaithe de phearsanra an Gharda Síochána ar thaifeadtaí, mura n-ordaítear a mhalairt de réir reachtaíochta nó trí ordú cúirte. Níor cheart do phearsanra an Gharda Síochána féachaint ar thaifeadtaí ach amháin de réir nós imeachta an Gharda Síochána. Ní mór gach taifead a fheiceáil agus a bhainistiú de réir foráil reachtaíochta, nós imeachta an Gharda Síochána, reachtaíocht um chosaint sonraí agus de réir Chód Eitice an Gharda Síochána.

2.9 Úsáid agus Próiseáil Sonraí

Ní mór úsáid agus próiseáil sonraí a bheith i gcomhréir go hiomlán leis an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. D'fhéadfadh taifeadtaí a bheith faoi réir beartais láimhseála agus choinneála éagsúla, ag brath ar a bhfoinse. A oiread is féidir go réasúnta, beidh na sonraí go léir faoi réir chriptiú ar fos agus faoi bhealach.

2.9.1 Aisghabháil Sonraí

Ach amháin, nuair a fhoráiltear a mhalairt sa Chód Cleachtais seo, ní chuirfear cóipeanna de theagmhais arna ngabháil ar fheistí taifeadta arna n-úsáid i gcomhar le haerardáin ar fáil ach amháin ar iarratas ón gcéim mhaoirseachta nó ón ngrád maoirseachta infheidhme sna cásanna seo a leanas:

- I gcomhréir leis na rialacha maidir le nochtadh le haghaidh ionchúisimh choiriúla.
- Tar éis treoracha a fháil ón Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí.
- Nuair is gá an físeán a sheinm arís agus arís eile (e.g. chun é a thaispeáint d'fhinné).
- Chuig Fiosrú – Oifig Ombudsman na bPóilíní i gcomhréir le forálacha an Achta Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024.
- Más gá é in imeachtaí sibhialta nó araíonachta mar fhianaise in imeachtaí sibhialta nó araíonachta mar fhianaise de réir alt 48 den Acht, nó
- Nuair a éilítear a mhalairt de réir an dlí.

2.10 Úsáid Fhianaiseach

Tá sé de dhualgas ar phearsanra an Gharda Síochána gach fianaise a bhfuil tionchar aici nó a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar shaincheist na ciontachta nó na neamhchiontachta a lorg agus a chaomhnú. Áirítear leis seo físeán nó fuaim a gabhadh trí fheistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán.

Déanfar cruthú agus gluaiseacht cóipeanna oibre ina dhiaidh sin a thaifeadadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta. Ní dhéanfar eagarthóireacht ná próiseáil ar an mbunfhíseán choíche. Is féidir tuilleadh leaganacha d'fhíseáin dhigiteacha a dhéanamh chun críoch eagarthóireachta agus próiseála.

2.10.1 Foilsiú scannánaíochta Aerardán

Níor cheart an físeán taifeadta nó na híomhánna taifeadta a nochtadh do thríú páirtithe ach amháin i gcásanna teoranta lena n-áirítear:

- De réir nós imeachta an Gharda Síochána tar éis iarratas foirmiúil a fháil ó phearsanra sonraithe de chuid an Gharda Síochána chun físeán a nochtadh ar na forais gur dócha go mbeidh sé úsáideach chun cion áirithe a imscrúdú.
- ceanglas faoi aon achtachán, rialail dlí nó ordú cúirte an físeán/na híomhánna a nochtadh.
- más gá, i gcás imeachtaí dlíthiúla a bheith á dtionscnamh i gcoinne an Gharda Síochána, Choimisinéir an Gharda Síochána, nó aon chomhalta den Gharda Síochána.
- chun cur i gcoinne scaipeadh na mífhaisnéise nó na bréagaisnéise.
- do dhaoine aonair ar taifeadadh agus ar coinníodh a n-íomhánna mar fhreagairt ar iarraidh ar rochtain ar ábhar nó ar bhunús dlí bailí eile lena nochtadh.
- d'eagraíochtaí meán, i gcás ina gcinntear go bhfuil gá le cúnamh ón bpobal chun cuidiú le híospartach, finné nó déantóir coire a shainaithint i ndáil le teagmhas coiriúil. Ba cheart mianta an íospartaigh, nó mianta a theaghlaigh nuair is cuí (e.g. duine leochaileach), maidir le teagmhas a chur san áireamh.
- d'eagraíochtaí meán chun aird a tharraingt ar obair an Gharda Síochána.
- críocha a bhaineann le hoiliúint don Gharda Síochána.

Ba cheart gach iarraidh ar rochtain ar nochtadh a thaifeadadh. Má dhiúltaítear do rochtain nó do nochtadh, déanfar na cúiseanna a dhoiciméadú.

I gcásanna ina nochtfar íomhánna do na meáin nó do thríú páirtithe eile, déanfar íomhánna agus fuaim daoine aonair a fholú, a dhoiléiriú nó a cheilt ar bhealach eile ionas nach mbeidh daoine aonair a thaifeadtar inaitheanta. I gcás ina meastar gur gá agus gur comhréireach físeán a nochtadh ina n-áirítear daoine aonair inaitheanta, ba cheart an réasúnaíocht agus an bunús dlí tacaíochta a dhoiciméadú go soiléir.

2.11 Coinneáil agus Diúscairt Sonraí

Nuair a thugann duine a chiontaítear sna cúirteanna faoi achomharc nó faoi imeachtaí iomraill ceartais, ní mór an fhianaise taifeadta a choinneáil ar chiontú. Ba cheart go n-áiritheofaí le himthosca a gcoinneála go gcoinneofar a n-ionracas i gcás achomhairc, éilimh shibhialta ionchasacha agus aisghabhálacha. Tá taifeadtaí faoi réir na dtréimhsí coinneála atá leagtha amach faoi bheartas an Gharda Síochána.

2.12 Caighdeáin Ghairmiúla

Féadfar taifeadtaí a dhéantar le feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán a úsáid chun gearáin a réiteach agus chun eolas a dhéanamh d'fhiosruithe araíonachta.

Ba cheart na cúiseanna le breathnú ar fhíseáin ag gearánaigh a thaifeadadh trí phearsanra an Gharda Síochána a fhiosrú. Sna cásanna sin, ní mór breithniú a dhéanamh ar cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar daoine nach bhfuil nasctha leis an ábhar a dhoiléiriú chun a gcéannacht/a bpríobháideacht a chosaint.

2.13 Oiliúint Úsáideoirí

Ní cheadófar ach do phearsanra de chuid an Gharda Síochána a bhfuil cúrsa oiliúna sonrach cuí an Gharda Síochána faighte agus curtha i gcrích acu, a aithníonn go bhfuil an Cód Cleachtais seo á chomhlíonadh agus a bhfuil inniúlacht léirithe acu, nuair is gá, maidir leis na haerspásanna ábhartha, srianta eitilte agus nósanna imeachta le haghaidh imscaradh iontu, feistí taifeadta a úsáidtear i gcomhar le haerardán a oibriú.

3 Cearta an Ábhair Sonraí

Cinntoidh an Garda Síochána gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú mar atá leagtha amach faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. I gcomhthéacs sonraí pearsanta atá ar thaifeadtaí digiteacha a phróiseáiltear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, áirítear leis sin an ceart rochtana i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Tá Aonad Cosanta Sonraí tiomnaithe ag an nGarda Síochána a bhainistíonn iarratais ar chearta ábhair faoin reachtaíocht um chosaint sonraí thar ceann na heagraíochta. Cinntíonn an tAonad um Chosaint Sonraí go ndéantar iarratais den sórt sin a bhainistiú i gcomhréir leis na ceanglais agus na scálaí ama a shonraítear faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Áirítear leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar bainteach i ndáil le hiarratas, lena n-áirítear taifeadtaí digiteacha, chun a chinntiú go gcuirtear folú nó srianta cuí i bhfeidhm, de réir mar is gá, chun cearta cosanta sonraí tríú páirtithe a chosaint, nó, i gcás inar gá agus inar beart comhréireach faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, lena n-áirítear chun na gcríoch a leagtar amach faoi [Alt 94](#) den [Acht um Chosaint Sonraí 2018](#).

3.1 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

I gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí, tá Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí déanta ag an nGarda Síochána i ndáil le gníomhaíochtaí próiseála a bhaineann leis an gCód Cleachtais seo ar dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí mar thoradh orthu.

4 Rialachas & Comhlíonadh

4.1 Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Leagtar amach i gCód Eitice an Gharda Síochána treoirphrionsabail chun eolas

agus treoir a thabhairt do ghníomhaíochtaí pearsanra uile an Gharda Síochána ag gach leibhéal den eagraíocht.

Tá ábharthacht ar leith ag baint leis an gCód Cleachtais seo maidir leis an ‘nGealltanas Eiticiúil’ d’Fhaisnéis agus do Phríobháideacht. Luaitear sa Chód Eitice nach mór do Ghardaí plé le faisnéis a chuirtear ar fáil don Gharda Síochána ar bhealach measúil agus de réir an dlí. Cosnaíonn sé seo cearta na ndaoine a sholáthraíonn faisnéis agus cearta na ndaoine a dtagraíonn an fhaisnéis dóibh. Cinntíonn sé freisin go mbíonn an pobal ar a shuaimhneas maidir le faisnéis a chur ar fáil don Gharda Síochána.

4.2 Údarás Formheasa

Is é An tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an tÚdarás Formheasa don Chód Cleachtais seo de réir Chuid 8 d’Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023.

4.3 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú agus leasú ar an gCód Cleachtais seo, nuair is cuí agus i gcomhréir le forálacha Chuid 8 d’Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) 2023.

4.4 Comhairliúchán

Chuaigh an Garda Síochána faoin bpróiseas comhairliúcháin, de réir fhorálacha Chuid 8 d’Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023, chun an Cód Cleachtais seo a fhorbairt.